Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9053/2/21**
**REV 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0050(COD)**

**SOC 313**
**EMPL 226**
**GENDER 35**
**ANTIDISCRIM 32**
**CODEC 749**
**IA 99**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin<br>Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn |

## I. RÉAMHRÁ

An 4 Márta 2021 d'eisigh an Coimisiún an togra le haghaidh 'Treoir chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin.' Is freagairt é an togra ar an iarraidh a rinne an Chomhairle i mí an Mheithimh 2019 ar an gCoimisiún bearta nithiúla a fhorbairt chun trédhearcacht pá a mhéadú[1].

[1] 10349/19 - Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Dhúnadh: príomhbheartais agus bearta, (EPSCO - an 13 Meitheamh 2019)

Is é is aidhm don togra:

- cumhacht a thabhairt d'oibrithe a gceart chun pá chomhionainn a fhorfheidhmiú trí thacar beart ceangailteach maidir le trédhearcacht pá;
- trédhearcacht na gcóras pá a neartú;
- feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar na coincheapa ábhartha dlíthiúla;
- feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí a bhaineann le pá comhionann.

Ba dhíol sásaimh d'fhormhór na dtoscaireachtaí an togra i bprionsabal agus dhearbhaigh tromlach na dtoscaireachtaí a thábhachtaí atá sé an bhearna phá idir na hinscní a chomhrac i saol na hoibre, mar luach sóisialta comhroinnte san Aontas.

Agus béim á leagan acu ar an tábhacht a bhaineann leis an mbearna phá idir na hinscní a chomhrac, cheistigh roinnt toscaireachtaí leibhéal mionsonraithe an togra ón gCoimisiún, a mheas siad a bheith ag teacht salach ar inniúlachtaí náisiúnta maidir le saincheisteanna áirithe, go háirithe maidir le ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus an t-idirphlé sóisialta maidir le pá a shocrú agus a fhorfheidhmiú, agus a bhféadfadh sé nach n-urramódh sé prionsabal na coimhdeachta nó na comhréireachta. Ar an taobh eile, chuir roinnt toscaireachtaí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leibhéal uaillmhéine an togra a choinneáil.

Tá soiléirithe iarrtha ag roinnt toscaireachtaí maidir leis an gceart chun pá comhionann go ginearálta agus maidir le forálacha na Treorach atá beartaithe. Chuir siad in iúl freisin go raibh imní orthu, go háirithe faoin easpa deimhneacht dhlíthiúil, comhroinnt na n-inniúlachtaí, agus tionchar praiticiúil, airgeadais agus riaracháin an togra, go speisialta ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).

Tá forchoimeádas ginearálta fós ag na toscaireachtaí uile maidir leis an togra mar atá.

Tá tuairimí réasúnaithe seolta ag parlaimintí náisiúnta ceithre Bhallstát (DK, PT, ES, IT) maidir leis an togra. Fuarthas iad go léir laistigh den tréimhse 8 seachtaine chun dul i gcomhairle leis na parlaimintí náisiúnta de réir Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 2[2] atá i gceangal leis na Conarthaí.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 9 Meitheamh 2021[3].

Níor thug Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh uaithi go fóill.

## II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA PORTAINGÉILE

Chuir an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta (SQWP) tús lena scrúdú ar an togra an 22 Márta, níos lú ná 3 seachtaine tar éis an togra a fhoilsiú. Ag an ócáid sin, thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh 'Treoir chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin' agus bhí an deis ag na toscaireachtaí réamhbharúlacha ginearálta a dhéanamh. I mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine, thionóil an Uachtaránacht ceithre chruinniú bhreise SQWP ionas go mbeadh dóthain ama ann chun plé mionsonraithe a dhéanamh ar na hairteagail ar fad sa chéad dá chaibidil agus ina n-aithrisí faoi seach. Le linn na gcruinnithe sin thug an Coimisiún freagraí mionsonraithe ar cheisteanna na dtoscaireachtaí agus ar iarrataí ar shoiléiriú.

Bhí seisiún maidine SQWP an 13 Aibreán dírithe ar an scrúdú a rinneadh ar an Measúnú Tionchair. Roimh an gcruinniú, scaip an Uachtaránacht seicliosta inar tugadh treoir maidir le hanailís an Mheasúnaithe Tionchair. Is i scríbhinn a chuir a lán toscaireachtaí a n-ionchur ar fáil.

[2] Prótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, IO C 115, 9.5.2008, lch. 206-209.
[3] IO C , , lch. .

Díríodh sa phlé ar Airteagail Chaibidil I agus II (Airteagail 1 go 11) ar na gnéithe seo a leanas:

– D'iarr na toscaireachtaí, go háirithe, soiléiriú a dhéanamh ar a bhfuil sna 'comhpháirteanna comhlántacha nó athraitheacha' den phá (Airteagal 3(1)(a)) agus ar an ngá atá le leas a bhaint as an dá théarma 'an bhearna phá' (Airteagal 3(1)(c)) agus 'an bhearna phá airmheánach' (Airteagal 3(1)(e)).

– Thug an Coimisiún freagra ar roinnt ceisteanna maidir le prionsabail na hoibre comhionainne agus na hoibre ar comhionann a luach (Airteagal 4) agus maidir leis na cineálacha oibleagáidí a bhaineann leis an Airteagal seo, eadhon i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide. Rinne an Coimisiún mionsaothrú freisin ar an mbealach ina gcomhlíontar na hoibleagáidí nua sin leis an idirphlé sóisialta, na comhaontuithe comhchoiteanna agus an reachtaíocht atá ann cheana. D'iarr roinnt toscaireachtaí soiléiriú breise fós maidir le cur chun feidhme náisiúnta na forála sin.

– Rinne na toscaireachtaí trácht ar an oibleagáid bhliantúil atá ar fhostóirí a chur i gcuimhne do na fostaithe go bhfuil sé de cheart acu faisnéis a iarraidh maidir lena bpá (Airteagal 7(2)). D'iarr siad soiléiriú breise freisin maidir leis an bhféidearthacht go n-iarrfadh oibrithe faisnéis maidir lena leibhéal pá aonair agus maidir leis na meánleibhéil phá trína n-ionadaithe nó trí chomhlacht comhionannais (Airteagal 7(4)).

– Pointe eile plé a bhí ann an tairseach 250 fostaí, rud a chruthaíonn an oibleagáid atá ar na fostóirí faisnéis a chur ar fáil maidir lena n-eagraíocht (Airteagal 8). D'iarr roinnt toscaireachtaí tuilleadh soiléirithe maidir le modh áirimh na mbearnaí éagsúla inscne, agus bhí toscaireachtaí eile in amhras faoin gcaoi a bhféadfadh na sonraí a bailíodh cuidiú le bunchúiseanna na neamhionannas struchtúrach pá a nochtadh.

- Iarradh ar an gCoimisiún mionléiriú a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar an bhfostóir measúnú comhpháirteach pá a ullmhú i gcás nach féidir bearna pá de 5 % ar a laghad i gcás obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach a chosaint de réir critéir oibiachtúla (Airteagal 9(1)(a) agus(b)). Faoi chuimsiú an Mheasúnaithe Chomhpháirtigh ar Phá, d'iarr na toscaireachtaí tuilleadh soiléirithe maidir le ról na gcigireachtaí saothair agus na gcomhlachtaí comhionannais (Airteagal 9(3)), agus maidir leis an sásra um réiteach díospóidí i gcás nach mbeadh comhaontú ann idir an fostóir agus ionadaithe na n-oibrithe (Airteagal 9(4)). Rinne na Ballstáit trácht freisin ar an tairseach 5 %.

- Bhí a lán toscaireachtaí ag iarraidh tuilleadh faisnéise maidir leis an nasc idir forálacha cosanta sonraí an togra seo agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Airteagal 10). D'fhiafraigh siad freisin faoi na coimircí chun sonraí pearsanta a chosaint.

## III. CONCLÚID

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar scrúdú teicniúil an togra agus ar an Measúnú Tionchair. Tugadh an chéad léamh ar Chaibidlí I agus II agus ar na haithrisí ábhartha chun críche. Thug Uachtaránacht na Portaingéile dóthain ama chun plé a dhéanamh ar na hairteagail faoi seach rud a thug deis do na toscaireachtaí tuiscint níos fearr a fháil ar fhorálacha an togra. Is gá tuilleadh obair theicniúil agus tuilleadh plé a dhéanamh sula dtosófar ar an bplé maidir le cur chuige ginearálta.